# Seasamh na Scoile maidir le Bulaíocht

Creideann pobal scoile Ghaelscoil Chill Dara go bhfuil sé de cheart ag gach dalta oideachas a fháil atá saor ó eagla agus ó imeaglú.

Féachann na hoidí sa scoil seo agus baill foirne eile, ar bhonn leanúnach, le timpeallacht a chothú sa scoil atá saor ó bhulaíocht.

Measann an scoil seo gur sárú tromchúiseach ar chearta duine í bulaíocht agus gur bagairt thromchúiseach í d'fhéinmheas agus d'fhéinmhuinín an dalta/na ndaltaí a ndírítear orthu. Mar sin, ní ghlacann an scoil seo le bulaíocht de chineál ar bith.

Caitear go dáiríre le gach tuairisc faoi bhulaíocht agus déileáiltear leis, agus aird chuí á tabhairt ar leas an dalta/na ndaltaí a bhfuiltear ag díriú orthu agus an duine/na daoine a rinne an cion.

Is é an chéad rud a chaithfear a dhéanamh má thagann cás bulaíochta chun cinn, ná deireadh a chur leis an mbulaíocht, (*agus sa chaoi sin an duine/na daoine a ndírítear orthu a chosaint*) agus na fadhbanna a réiteach agus an caidreamh lena mbaineann a athbhunú chomh fada agus is indéanta trí úsáid a bhaint as cur chuige 'Ceartaigh is ná Cáin'.

Bítear ag súil go gcuideoidh gach dalta le timpeallacht shábháilte a chruthú agus a choinneáil sa scoil. Má fhaigheann aon duine amach faoi aon chás bulaíochta laistigh nó lasmuigh den scoil, a bhaineann le nó a bhfuil tionchar aige ar bhaill de phobal na scoile, ba chóir dóibh é sin a chur in iúl do dhuine fásta freagrach a bhfuil muinín aige/aici as nó aisti. Tá bulaíocht chomh tromchúiseach sin nach féidir gan é a thuairisciú.

Spreagtar rannpháirtíocht na ndaltaí i saol na scoile go ginearálta trí struchtúir reatha na scoile. Cuid den rannpháirtíocht sin is ea feasacht ar bhulaíocht, agus a bheith toilteanach beart a dhéanamh chun í a chosc nó a stopadh.

# Aguisín 1 -Teimpléad le haghaidh Beartas Frithbhulaíochta

1. I gcomhréir le riachtanais an Acht Oideachais (Leas) 2000 agus na dtreoirlínte faoi chód iompair a d'eisigh an Bord Náisiúnta um Leas Oideachais tá an beartas frithbhulaíochta seo a leanas glactha ag Bord Bainistíochta Ghaelscoil Chill Dara mar chuid de chód iompair iomlán na scoile. Géilleann an beartas go huile agus go hiomlán do riachtanais *Ghnásanna Frithbhulaíochta Bunscoile agus Iar-bhunscoile* a foilsíodh i Meán Fómhair 2013.

2. Aithníonn an Bord Bainistíochta a thromchúisí atá iompar bulaíochta agus a dhiúltaí a d'fhéadfadh a thionchar a bheith ar dhaltaí, agus geallann an scoil dá réir cloí leis na príomhphrionsabail dea-chleachtais seo a leanas agus iompar bulaíochta á chosc agus á chomhrac:
    - Cultúr dearfach a bheith i réim sa scoil:
        - ina nglactar go fonnmhar le difríocht agus le héagsúlacht agus ina léirítear meas ar chuimsitheacht;
        - ina spreagtar daltaí chun iompar bulaíochta a nochtadh agus a phlé i dtimpeallacht neamhbhagrach; agus
        - ina gcuirtear caidreamh bunaithe ar mheas chun cinn ar fud phobal na scoile;
    - Ceannaireacht éifeachtach;
    - Cur chuige scoile uile, Clár an Chineáltais;
    - Tuiscint i bpáirt faoin rud is bulaíocht ann agus faoin tionchar is féidir a bheith aige;
    - Feidhmiú straitéisí oideachais agus coiscthe (lena n-áirítear bearta chun feasacht a mhúscailt)
        - a chothaíonn ionbhá, meas agus athléimneacht sna daltaí; agus
        - ina dtéitear i ngleic go sainráite le cibearbhulaíocht agus le bulaíocht bunaithe ar aitheantas, lena n-áirítear bulaíocht homafóbach agus trasfóbach;
    - Maoirseacht agus monatóireacht éifeachtach ar dhaltaí;
    - Tacaíochtaí don fhoireann;
    - Teagmhais bhulaíochta a thaifeadadh agus a imscrúdú ar shlí chomhsheasmhach agus obair leantach a dhéanamh ina dtaobh (lena n-áirítear straitéisí aitheanta idirghabhála a úsáid); agus
    - Meastóireacht leanúnach ar a éifeachtaí atá an beartas frithbhulaíochta.

3. I gcomhréir le *Gnásanna Frithbhulaíochta Bunscoile agus Iar-bhunscoile* seo é an sainmhíniú ar bhulaíocht:

    ***An rud a thuigtear le bulaíocht ná iompar diúltach neamhiarrtha, bíodh sé i bhfoirm iompar briathartha, síceolaíoch nó fisiciúil, a dhéanann duine aonair nó grúpa in aghaidh duine nó daoine eile, agus a dhéantar arís agus arís eile.***

    Áirítear na cineálacha iompair bhulaíochta seo a leanas ar an sainmhíniú ar bhulaíocht:
    - duine a fhágáil as an áireamh d'aon ghnó, gabháil do chúlchaint mhailíseach agus do chineálacha eile caidrimh bhulaíochta idir dhaoine;
    - cibearbhulaíocht; agus
    - bulaíocht bunaithe ar aitheantas, ar nós bulaíocht homafóbach, bulaíocht chiníoch, bulaíocht bunaithe ar bhallraíocht den Lucht Siúil agus bulaíocht ar dhuine faoi mhíchumas nó ar dhuine a bhfuil riachtanais speisialta oideachais aici/aige.

Ní chuimsíonn an sainmhíniú seo ar bhulaíocht teagmhais aonraithe nó teagmhais aon uaire d'iompar diúltach d'aon turas, lena n-áirítear téacsteachtaireacht mhaslach nó goilliúnach aon uaire nó teachtaireachtaí príobháideacha eile agus ba cheart déileáil leo, mar is cuí, de réir chód iompair na scoile.

Ach, i bhfianaise an bheartais seo, féachfar ar theachtaireacht, íomhá nó ráiteas poiblí goilliúnach aon uaire ar shuíomh Gréasáin líonra poiblí nó ar fhóram poiblí eile ar féidir an teachtaireacht, an íomhá nó an ráiteas sin a fheiceáil air agus/nó a bheith athráite ag daoine eile mar iompar bulaíochta.

Iompar diúltach nach n-áirítear sa sainmhíniú seo ar bhulaíocht, déileálfar leis de réir chód iompair na scoile.

Áirítear leis an sainmhíniú seo raon leathan iompair, béil nó scríofa, fisiciúil nó sóisialta, cibé an bhfuil sé dírithe ar dhuine nó ar mhaoin, cibé acu a dhéantar é go díreach nó go hindíreach nó trí mheán leictreonach nó eile, a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh do dhalta nó an bonn a bhaint d'fhéinmheas nó d'fhéinmhuinín an duine sin.

(Tá liosta in Aguisín 1 de shmpalaí sonracha d'iompar bulaíochta. Ní chuimsíonn an liosta sin gach cás.
Gheofar eolas breise ar na cineálacha éagsúla bulaíochta i Roinn 2 de na *Gnásanna Frithbhulaíochta Bunscoile agus Iar-bhunscoile.* anseo.)

4. Tá 'Múinteoir(í) Ábhartha' le himscrúdú agus le déileáil le bulaíocht sa scoil seo i mbliana (mar a éilítear i *nGnásanna*, Aguisín 1 – Teimpléad Beartais Frithbhulaíochta alt 4) léirithe in Aguisín 4 thíos. ('Ag leibhéal na bunscoile, is é an múinteoir ranga an múinteoir ábhartha de ghnáth.' *Gnásanna* 6.8.3)

5. Seo a leanas na straitéisí oideachais agus coiscthe (lena n-áirítear straitéisí a bheidh dírithe go sonrach ar an gcibearbhulaíocht agus ar bhulaíocht bunaithe ar aitheantas) a bheidh in úsáid sa scoil (Féach Roinn 6.5 de na *Gnásanna Frithbhulaíochta Bunscoile agus Iar-bhunscoile):*
   - Modúl frithbhulaíochta an chláir OSPS mar a bhaineann sé le gach scoilbhliain, go háirithe na cleachtaí ábhartha ó na cláir "*Walk Tall*" agus "*Bí Sábháilte*", agus
   - Sna modúil Clár an Chineáltais agus sna cleachtaí um múscailt feasachta ón snáithe 'Múscailt Feasachta' de chlár an *Fheachtais Frithbhulaíochta*, mínítear go réamhghníomhach nádúr agus éagsúlacht, cúiseanna agus drochthorthaí na bulaíochta agus an fáth nach féidir glacadh léi.

   Trí mheascán de chleachtaí ó na cláir sin gach mí, gheobhaidh na daltaí taithí ar thart ar 10 gcleachtadh ghearra um múscailt feasachta gach bliain.

   Sa phróiseas:

   - Cabhraítear leis na daltaí ceist na bulaíochta a scrúdú ar bhealach socair réasúnach, i bhfad ó chomhthéacs cásanna áirithe bulaíochta agus mar sin éiríonn siad níos feasaí ar nádúr na bulaíochta agus ar na cineálacha éagsúla a d'fhéadfadh a bheith i gceist.
   - Cuirtear in iúl do na daltaí go mbíonn drochthorthaí ag bulaíocht i gcónaí dóibh siúd a ndírítear orthu, fiú mura mbíonn sé sin soiléir i gcónaí ag an am.
   - Spreagtar na daltaí chun iompar bulaíochta a aithint, diúltú di agus í a thuairisciú uathu féin nó le linn suirbhéanna a úsáidtear go rialta sa scoil gach bliain – m.sh. suirbhé gach bliain ar na daltaí go léir atá in ann léamh agus scríobh.

Trí chur i láthair nó cleachtaí eile, cuirtear an fhoireann scoile agus na tuismitheoirí/caomhnóirí ar an eolas faoi nádúr na bulaíochta agus na comharthaí sóirt a thabharfadh le fios go bhfuil bulaíocht á

déanamh ar dhalta. Moltar dóibh a bheith airdeallach agus iad ag faire amach do chomharthaí bulaíochta agus aon amhras faoi bhulaíocht a d'fhéadfadh a bheith acu a thuairisciú don 'Múinteoir Ábhartha' (i gcás baill foirne) nó aon bhall foirne (i gcás tuismitheoirí/caomhnóirí).

Trí thuairiscí rialta i nuachtlitreacha scoile agus cumarsáidí eile, chomh maith le cruinnithe le grúpaí tuismitheoirí/caomhnóirí cuirtear ar an eolas iad go rialta faoi bhearta frithbhulaíochta na scoile agus spreagtar iad chun tacú leo.

- Seachtain bhliantúil frithbhulaíochta nó cairdis i Mí Dheireadh Fómhair gach bliain,
- Modúl de Chlár an Chineáltais
- Ceardlanna maidir le sábháilteacht ar líne le Barnardos agus Na Gardaí Síochána
- Comhairle na nDaltaí
- Suirbhé bliantúil ar na páistí sna hardranganna maidir le sonas agus sábháilteacht i nGSCD
- Imeachtaí éagsúla sna ranganna cosúil le boscaí machnaimh srl.

6. Seo a leanas straitéisí na scoile chun iompar bulaíochta a nochtadh agus imscrúdú, chun obair leantach a dhéanamh ina dtaobh agus chun iompar bulaíochta a thaifeadadh mar aon leis na straitéisí idirghabhála bunaithe a úsáidfidh an scoil chun déileáil le cásanna d'iompar bulaíochta (m.sh. tá an cur chuige "4 Chéim Riachtanach" atá ar fáil ón rannán 'Cásanna Bulaíocht a Réiteach' de shuíomh gréasáin an *Fheachtais Frithbhulaíochta*):

(Féach Roinn 6.8 de na *Gnásanna Frithbhulaíochta Bunscoile agus Iar-bhunscoile):*

- Fiosraíonn an 'Múinteoir Ábhartha' gach cás bulaíochta tuairiscithe nó amhrasta, cibé acu laistigh den scoil nó lasmuigh di ach a bhfuil tionchar aici laistigh den scoil, d'fhonn teacht ar an bhfírinne agus deireadh a chur le haon iompar dá leithéid.
- Toisc go mbíonn an bhulaíocht ceilte ar mhúinteoirí go minic agus nach dtuairiscítear í úsáidtear suirbhéanna "féach ar gach rud" do dhaltaí go rialta (m.sh. gach bliain) chun cásanna bulaíochta a d'fhéadfadh a bheith ann a aimsiú, rud a ligeann do dhaltaí moladh a thabhairt dá múinteoir cé leis ar cheart dó/di labhairt faoi na cásanna sin.
- Coimeádann an Scoil, tríd an 'Múinteoir Ábhartha' an ceart aici féin iarraidh ar dhalta ar bith cuntas a scríobh ar ar tharla, mar chuid d'imscrúdú. Cad a tharla? Nós imeachta caighdeánach a bheidh anseo agus ní gá go gciallódh sé go bhfuil dalta ar bith ciontach as drochiompar.
- Cuireann an 'Múinteoir Ábhartha' a ghníomhaíonn *in loco parentis* agallamh ar dhaltaí a líomhnaítear go raibh baint acu le bulaíocht, chun cineál agus méid na bulaíochta agus aon chúiseanna atá leis a fháil amach. Sa chás go raibh siad gafa le hiompar bulaíochta iarrtar orthu gealltanas ceangailteach a shíniú go gcaithfidh siad go cothrom, ceart agus go measúil le gach dalta lena n-áirítear an dalta/na daltaí a bhfuiltear ag díriú orthu.
    - Ní chuireann an 'Múinteoir Ábhartha' an milleán ar aon duine ach déileálann sé nó sí le bulaíocht mar rud ar féidir agus nach mór a leigheas. Leagann sé/sí béim ar an chaoi nach bhfuiltear ag iarraidh pionós a ghearradh ar bhulaí ach labhairt leo agus ag baint úsáide as Ceisteanna Aisiríocha, a mhíniú cé chomh dochrach agus chomh gortach is atá an bhulaíocht agus gealltanas a lorg go gcuirfear deireadh léi. Má thugann siad an gealltanas sin agus má dhéanann siad dá réir ní bheidh aon phionós i gceist agus deireadh an scéil a bheidh ann. Mar sin ní bhíonn daltaí a thuairiscíonn bulaíocht ag tarraingt trioblóide ar daoine eile ach cuireann siad ar a gcumas éirí as an trioblóid a d'fhéadfadh a bheith acu sa deireadh thiar dá leanfadh an bhulaíocht ar aghaidh
- Nuair a bhíonn imscrúdú críochnaithe agus/nó cás bulaíochta réitithe, scríobhfaidh an 'Múinteoir Ábhartha' tuairisc ina mbeidh torthaí an imscrúdaithe, an straitéis ar glacadh léi agus toradh na hidirghabhála, chomh maith le haon eolas ábhartha eile.
- Má bhíonn gealltanas den sórt sin sínithe ag dalta ach go roghnaíonn sé/sí an gealltanas sin a bhriseadh agus leanúint ar aghaidh le bulaíochta, cuirfear tuismitheoir(í)/caomhnóir(í) an duine sin ar an eolas, ag an "luathchéim" sin, (Nósanna Imeachta 6.8.9). (xiv)) agus iarrfar orthu gealltanas a linbh a chomhshíniú. Dá sáródh an dalta an gheallúint bhreise sin trí tuilleadh bulaíochta

bhreathnófaí air mar rud an-tromchúiseach agus d'fhéadfadh údaráis na scoile pionóis a ghearradh dá bharr (Féach pionóis thíos).

- Coimeádtar na doiciméid go léir slán sa scoil maidir le cásanna bulaíochta agus an chaoi ar réitíodh iad ar Aladdin ar pháiste ábhartha.
- Pionóis.

  Sa chás go bhfaightear amach go bhfuil dalta gafa le hiompar bulaíochta, go bhfuil gealltanas foirmiúil tugtha aige stop a chur leis agus go bhfuil an gealltanas sin sáraithe aige, is féidir aon cheann de na pionóis seo a leanas a ghearradh:

  - Don (chéad) shárú na gealltanais – .i. tosú ag bulaíocht arís – d'fhéadfadh go mbeadh air/uirthi gealltanas eile a shíniú, a bheidh comhshínithe ag tuismitheoir/caomhnóir;
  - Ní dócha go sárófar (dara) gealltanas ach má tharlaíonn sé – .i. má thosaíonn an dalta ag bulaíocht arís – féadfaidh an 'Múinteoir Ábhartha' dul i dteagmháil le tuismitheoir(í)/caomhnóir(í) chun iad a chur ar an eolas faoi nádúr agus méid na bulaíochta agus an cheist a phlé leo d'fhonn teacht ar thuiscint níos fearr ar na cúiseanna atá leis an iompar sin, bearta a mholadh chun freastal ar riachtanais a bpáiste agus straitéis a aontú faoina seasfaí leis an ngealltanas go gcuirfí deireadh leis an mbulaíocht;
  - Ní dócha ar chor ar bith go sárófar an (tríú) gealltanas ach má tharlaíonn sé sin féadfar cuireadh a thabhairt do thuismitheoir(í)/caomhnóir(í) teacht chuig cruinniú leis an 'Múinteoir Ábhartha' agus an Príomhoide agus féadfar smachtbhanna a ghearradh ar an dalta de réir Chód Iompraíochta na scoile.
  - Ní dócha ar chor ar bith agus rud neamhghnách amach is amach a bheadh ann dá sárófaí (an ceathrú) gealladh – féadfar an cás a chur faoi bhráid an Bhoird Bainistíochta agus féadfar pionóis eile a ghearradh de réir Chód Iompraíochta na scoile.

7. Seo a leanas clár tacaíochta na scoile do dhaltaí a ndearnadh bulaíocht orthu agus do dhaltaí a rinne bulaíocht. (Féach Roinn 6.8 de na *Gnásanna Frithbhulaíochta Bunscoile agus Iar-bhunscoile):*

- (Cleachtas Aisiríoch) Do dhaltaí a ndearnadh bulaíocht orthu (mar a éilítear faoi Nósanna Imeachta 5.2.2 (vii) agus Aguisín 1. 7.):
  - Deireadh a chur le bulaíocht,
  - cultúr na scoile a athrú trí fheasacht a mhúscailt go leanúnach chun (a) níos mó measa a chothú ar dhaltaí a ndéantar bulaíocht orthu agus ar gach dalta agus (b) níos mó comhbhá a chothú i leith daltaí a ndéantar bulaíocht orthu agus tacaíocht a thabhairt dóibh;
  - A chur in iúl go soiléir nach bhfuil locht ar bith ar an ndalta a ndéantar bulaíocht air ná uirthi (bíonn seo ag teastáil chun daltaí a ndéantar bulaíocht orthu a chur ar a suaimhneas), trí mhúscailt leanúnach feasachta agus na daltaí atá páirteach sa bhulaíocht a aithint go tapa agus cásanna bulaíochta a réiteach go tapa agus, nuair a bhíonn siad réitithe féadfaidh na daltaí a ndearnadh bulaíocht orthu ráiteas tionchair íospartaigh a chomhlánú,
  - Tacaíocht imleor agus/nó áiseanna comhairleoireachta a chur ar fáil do dhaltaí a bhfuil gá acu leo (daltaí a bhfuil an chuma orthu nach bhfuil an teacht aniar céanna iontu agus go bhfuil siad níos moille teacht chucu féin, cairde a dhéanamh agus taitneamh a bhaint as saol na scoile arís), agus é sin a chur ar fáil go tráthúil laistigh nó lasmuigh den scoil.
  - Cabhrú le daltaí a bhfuil bulaíocht déanta orthu a bhféinmhuinín a ardú trína spreagadh le bheith páirteach i ngníomhaíochtaí a chuidíonn le cairdis agus scileanna sóisialta a fhorbairt (m.sh. a bheith rannpháirteach in obair ghrúpa sa rang agus i ngníomhaíochtaí seach-churaclaim grúpa nó foirne le linn nó tar éis na scoile).
  - 'córas cairde' a chur i bhfeidhm sa scoil (*más ábhartha*).
- Maidir le daltaí a ndearna bulaíocht ar dhaltaí: (mar a cheanglaítear faoi Nósanna Imeachta 5.2.2 (vii)):
  - A chur in iúl go soiléir nach gcuirtear an milleán ná pionós ar dhaltaí a éiríonn as bulaíocht agus go dtosaíonn siad arís le 'tús nua,'

- A chur in iúl go soiléir go bhfuil an rud ceart, onórach déanta ag daltaí a éiríonn as bulaíocht agus moladh a thabhairt dóibh as sin,
- bealaí eile a lorg chun "breith orthu agus an rud ceart á dhéanamh acu" agus moladh cuí a thabhairt dóibh,
- Tacú leo deacrachtaí foghlama a shárú trí Fhoireann Tacaíochta a sholáthar agus deacrachtaí mothúchánacha agus/nó sóisialta a shárú trí bhainistíocht ranga agus tréadchúram laistigh den scoil,
- Cabhrú leo siúd a bhfuil féinmheas íseal acu trína spreagadh le bheith páirteach i ngníomhaíochtaí a fhorbraíonn cairdis agus scileanna sóisialta (m.sh. rannpháirtíocht in obair ghrúpa sa rang agus i ngníomhaíochtaí seach-churaclaim grúpa nó foirne le linn nó tar éis na scoile).
- Straitéisí foghlama a úsáid ar fud na scoile agus sa churaclam chun cabhrú chun mothúcháin fhéinfhiúntais na ndaltaí a fheabhsú, lena n-áirítear deiseanna a chruthú chun moladh cuí a thabhairt,
- Agus muid ag déileáil le hiompar diúltach i gcoitinne, ba cheart múinteoirí agus tuismitheoirí a spreagadh chun díriú ar iompar dúshlánach agus tacaíocht a thabhairt don leanbh fad atá an drochiompar á cheartú,
- Agus muid ag iarraidh réiteach a fháil ar bhulaíocht agus tosach nua a thairiscint mar aon le 'scláta glan' gan aon mhilleán a ghealladh mar mhalairt ar an ngealltanas a chomhlíonadh chun éirí as.
- Tacaíocht imleor agus/nó áiseanna comhairleoireachta a chur ar fáil chun cabhrú le réiteach a fháil ar na buncheisteanna dóibh siúd a bhfuil gá acu leo, laistigh nó lasmuigh den scoil de réir mar is cuí, agus chun cabhrú leo foghlaim conas freastal ar a gcuid riachtanas gan sárú a dhéanamh ar chearta daoine eile.

8. Maoirseacht agus Monatóireacht Éifeachtach ar Dhaltaí

   Deimhníonn an Bord Bainistíochta go bhfuil beartais agus cleachtais chuí mhaoirseachta agus monatóireachta i bhfeidhm chun iompar bulaíochta a chosc agus chun déileáil leis agus chun idirghabháil luath a éascú más féidir.

9. An Ciapadh a Chosc

   Deimhníonn an Bord Bainistíochta go ndéanfaidh an scoil, de réir a oibleagáidí faoin reachtaíocht chomhionannais, gach beart is indéanta go praiticiúil chun daltaí agus baill foirne a chosaint ar chiapadh gnéasach agus ar chiapadh ar aon cheann de na naoi bhforas, mar atá inscne lena n-áirítear trasinscne, stádas sibhialta, stádas teaghlaigh, treoshuíomh gnéasach, reiligiún, aois, míchumas, cine nó ballraíocht den Lucht Siúil.

Glacadh leis an bpolasaí seo ag cruinniú den Bhord Bainistíochta i Mí Mheán Fómhair 2023. Victoria Síníodh é cúpla lá i ndiaidh na cruinnithe san (chun mion-athruithe a thabhairt san áireamh) thar cheann an Bhoird:

| | |
|---|---|
| Cathaoirleach: Colm Ó Gógáin | Príomhoide: Niamh Uí Chadhla |
| Síniú: | Síniú: |
| Dáta: | Dáta: |

*Notaí*:

Cuirtear polasaithe uile de chuid Ghaelscoil Chill Dara trí phróiseas athbhreithnithe & leasaithe ó am go chéile. Téitear i gcomhairle le Comhairle na dTuismitheoirí agus an fhoireann mhúinteoirí sa phróiseas seo sula nglactar go críochnúil le haon pholasaí nua nó leasaithe ag an mBord Bainistíochta. Fáilteofar roimh moltaí i leith aon cheann de pholasaithe na Gaelscoile ag aon am ó aon duine a bhfuil spéis aige/aici ann, ach iad a chur i scríbhinn chuig an Príomhoide.

Tá na polasaithe uile, mar a sheasann siad faoi láthair, ar fáil i nGaelige & Béarla ar shuíomh idirlín na Gaelscoile: *www.gaelscoilchilldara.com*

Scríobhtar polasaithe uile de chuid na Gaelscoile i nGaeilge & i mBéarla. Sa chás go n-aimseofaí éagsúlacht idir an dá leagan de aon pholasaí tig le tuismitheoir, *srl*, braith ar a rogha de cheachtar leagan sa mhéid is go bhfuil sé níos tairbhí dá bpáiste nó dóibh féin go ginearálta. Reachtálann an Bord a chuid cruinnithe trí Ghaeilge ach déileálfar le haon ábhar trí Ghaeilge nó Béarla mar is toil le haon tuismitheoir nó aon duine eile.

---

## *Aguisín 1 – Samplaí d'Iompar Bulaíocht*

***Cad is bulaíocht ann? Is iompar í***
***(a) a dhéantar d'aon ghnó, (b) atá goillúnach agus (c) a dhéantar arís agus arís eile, e.g.***

- Sracfhéachaintí doicheallacha
- Scigireacht
- Ainmneacha a ghlaoch
- Spochadh as duine
- Magadh faoi dhuine
- Spochadh as duine maidir le:
    - tréithe
    - cúlra
    - teaghlach
- Ráflaí a scaipeadh faoi dhuine
- Bréaga a scaipeadh faoi dhuine
- Glaonna fóin maslacha
- Teachtaireachtaí téacs maslacha

- Teachtaireachtaí doicheallacha a chur ar an idirlíon
- Pictiúir dhoicheallacha a chur ar an idirlíon
- Aonrú/eisiamh ó ghrúpghníomhaíocht
- Imeaglú – labhartha nó trí chomharthaíocht choirp
- Ag cur iachall ar dhuine rudaí a dhéanamh  nach mian leis/léi a dhéanamh
- Ionsaitheacht fhisiciúil:
    - brú
    - cor coise
    - bualadh
    - dorn a thabhairt
- Seilbh a chur i bhfolach
- Seilbh a thógáil
- Cur isteach ar sheilbh,
- Dochar a dhéanamh do sheilbh
- Airgead a shracadh
- Seilbh a shracadh

***Má tharlaíonn aon cheann nó níos mó díobh seo do dhalta arís is arís eile,***
***tá bulaíocht á déanamh air/uirthi – is cuma cén ainm eile a thugtar ar an iompar.***

***Aguisín 2 – Cosc / Méadú Feasachta*** (Riachtanach faoi Nósanna Imeachta 5.2.2 (iii) & Aguisín 1. 5.)

| | **Cleachtaí ó "Walk Tall"** | **Cleachtaí ó "Stay Safe"** | **Cleachtaí ó "Feachtas FrithBhulaíochta"** |
|---|---|---|---|
| **Naíonáin 1** | 3.3 Cineál nó nach bhfuil chomh cineálta | 2.1 Cairdeas<br>2.2 Cad is Bulaíocht ann? | 9 Cleachtaí – Cairdeas, Cineáltas agus Meas – féach na leathanaigh thíos . . . |
| **Naíonáin 2** | | 2.3 Conas is féidir linn stop a chur leis an mBulaíocht? | 9 Cleachtaí – Cairdeas, Cineáltas agus Meas – féach na leathanaigh thíos . . . |
| **Rang 1** | | 2.1 Cairdeas<br>2.2 Cad is Bulaíocht ann?<br>2.3 Eiseamh<br>2.4 Éifeachtaí na Bulaíocht<br>2.5 Comhaontú an Ranga | 9 Cleachtaí – Cairdeas, Cineáltas agus Meas – féach na leathanaigh thíos . . . |
| | 4.6 Bulaíocht (Déileáil – Inis) | | 9 Cleachtaí |

**Rang 2**

**Rang 3**

**Rang 4**

**Rang 5**

**Rang 6**

### *Aguisín 2 ar Lean* – Cleachtaí Coiscthe/Méadaithe Feasachta

ón *bhFeachtas Frithbhulaíochta* – Cairdeas, Cineáltas agus Meas a Chothú
Naíonáin Shóisearacha agus Shinsearacha agus Rang a hAon (Aois 4-7 mbliana)

***Achoimre ar Shnáithe Bunscoile 1 - Uirlisí chun Feasacht a Mhúscailt***

***Aois 4-7 mbliana – Ag Forbairt Cultúir Cairdis, Cineáltas agus Meas***

*Sula dtabharfar aghaidh ar cheist na bulaíochta i Rang a Dó (aois 7-8)*
*ba cheart go mbeadh na cleachtaí dearfacha ar fad thíos*
*déanta ag leanaí le linn na dtrí scoilbhliana roimhe sin*

***Breac-chuntas ar Shnáithe 1 na Bunscoile – Uirlisí chun Feasacht a Ardú***
***Míniú a thabhairt ar an mbulaíocht agus cén fáth nach féidir glacadh léi***

**Naíonáin 1 (4-5 mbliana d'aois):**

**Cleachtadh 1.0.01:** Cluiche-Cineáltas-Meas-agus-Cairdeas
**Cleachtadh 1.0.02:** Físeán "Cara . . . cad-é-sin" & Ceisteanna a gabhann leis - Buíochas le C.O.G.G
**Cleachtadh 1.0.03:** Físeán "Mar-is-cairde-muid" & Ceisteanna a gabhann leis - Buíochas le C.O.G.G
**Cleachtadh 1.0.04:** Físeán "Is-mise-do-chara" & Ceisteanna a gabhann leis - Buíochas le C.O.G.G
**Cleachtadh 1.0.05:** Físeán "Ná-bí-crosta" & Ceisteanna a gabhann leis - Buíochas le C.O.G.G
**Cleachtadh 1.0.06:** Físeán "Ag-lorg-cairde" & Ceisteanna a gabhann leis - Buíochas le C.O.G.G
**Cleachtadh 1.0.07:** Físeán "Bí-cineálta-le-gach-duine" & Ceisteanna a gabhann leis - Buíochas le C.O.G.G
**Cleachtadh 1.0.08:** Físeán "Meas . . . cad é sin?" & Ceisteanna a gabhann leis - Buíochas le C.O.G.G

**Cleachtadh 1.0.09:** Físeán "Meas . . . cad é sin? - 2" & Ceisteanna a gabhann leis - Buíochas le C.O.G.G

**Naíonáin 2 (5-6 mbliana d'aois):**

**Cleachtadh 1.0.11:** Cluiche-Cineáltas-Meas-agus-Cairdeas 2
**Cleachtadh 1.0.12:** Físeán "Ag-réiteach-lena-chéile" & Ceisteanna a gabhann leis - Buíochas le C.O.G.G.
**Cleachtadh 1.0.13:** Físeán "Gníomh-Randamach-Cineáltas" & Ceisteanna a gabhann leis - Buíochas le C.O.G.G.
**Cleachtadh 1.0.14:** Físeán "Óráid-chineáltais" & Ceisteanna a gabhann leis - Buíochas le C.O.G.G.
**Cleachtadh 1.0.15:** Físeán "Gníomh-cineáltais" & Ceisteanna a gabhann leis - Buíochas le C.O.G.G.
**Cleachtadh 1.0.16:** Físeán "Bí-go-deas-le-duine . . . " & Ceisteanna a gabhann leis - Buíochas le C.O.G.G.
**Cleachtadh 1.0.17:** Físeán "Bí-cabhrach . . . " & Ceisteanna a gabhann leis - Buíochas le C.O.G.G.
**Cleachtadh 1.0.18:** Físeán "Is-rud-maith-í-an-éagsúlacht" & Ceisteanna a gabhann leis - Buíochas le C.O.G.G.
**Cleachtadh 1.0.19:** Físeán "Cuireadh-chun-na-trá" & Ceisteanna a gabhann leis - Buíochas le C.O.G.G.

**Rang a 1 (6-7 mbliana d'aois):**

**Cleachtadh 1.1.01:** Cluiche-Cineáltas-Meas-agus-Cairdeas 3
**Cleachtadh 1.1.02:** Físeán "Kindness Rhyme For Kids - You Are Amazing" & Cuir na ceisteanna Béarla atá leis as Gaeilge
**Cleachtadh 1.1.03:** Físeán "Be Responsible, Safe, Respectful Song" & Cuir na ceisteanna Béarla atá leis as Gaeilge
**Cleachtadh 1.1.04:** Físeán "Kid's Guide - Getting Along With Classmates" & Cuir na ceisteanna Béarla atá leis as Gaeilge
**Cleachtadh 1.1.05:** Físeán “Word of the Day - "Respect"” & Cuir na ceisteanna Béarla atá leis as Gaeilge
**Cleachtadh 1.1.06:** Físeán "Yes, That's Bullying" & Cuir na ceisteanna Béarla atá leis as Gaeilge
**Cleachtadh 1.1.07:** Físeán "Stand Up~ Bullying Commercial" & Cuir na ceisteanna Béarla atá leis as Gaeilge
**Cleachtadh 1.1.08:** Físeán "Bully-Free Zone! Song" & Cuir na ceisteanna Béarla atá leis as Gaeilge
**Cleachtadh 1.1.09:** Físeán "Kids for Character: Respect" & Cuir na ceisteanna Béarla atá leis as Gaeilge
**Cleachtadh 1.1.10:** “Help French Toast STOMP Out Bullying™" & Cuir na ceisteanna Béarla atá leis as Gaeilge

## *Aguisín 2 ar Lean – Cleachtaí Coiscthe/Méadaithe Feasachta*

ón *bhFeachtas Frithbhulaíochta*, Snáithe 1 – Lámhleabhar Feasachta a Mhúscailt do Ranganna a Dó go dtí a Sé (Aois 7-12 bliana) agus Pobal na Scoile Uile

**Rang a Dó (8 mbliana d'aois):**
**Cleachtadh 1.2.1:** **"Sráid Sesame – Club na nÉan Maith – in eagar"** – Físeán Youtube agus Bileog Oibre Leis
**Cleachtadh 1.2.2:** *Cineálacha Bulaíochta – Bileog Oibre.*
**Cleachtadh 1.2.3:** **"An Cailín is Suaraí sa Dara Grád"** – Físeán Youtube & Bileog Oibre Leis
**Cleachtadh 1.2.4:** *Cleachtadh* **"Nathracha is Dréimirí"** *le teachtaireachtaí frithbhulaíochta.*
**Cleachtadh 1.2.5:** “**Cyber Bullying Cinema Commercial**” – *Físeán YouTube agus Bileog Oibre.*
**Cleachtadh 1.2.6:** **“Meena Cartoon – Cé air a bhfuil eagla roimh bhulaí?**” - Físeán Youtube & Bileog Oibre Leis
**Cleachtadh 1.2.7:** *Comórtas Bliantúil Líníochta Frithbhulaíochta (2 sheachtain).*
**Cleachtadh 1.2.8:** *Comórtas Bliantúil Manaí Frithbhulaíochta (2 sheachtain).+*
**Cleachtadh 1.2.9:** **“Simple Act of Kindness Creates Endless Ripple”** - *Físeán YouTube & Bileog Oibre.*
**+ Suirbhéanna:** Ón mír Bunscoil/Eachtraí (ceann amháin ar a laghad gach leath-théarma). Tá an cur chuige 'Athrú seachas Milleán' le míniú roimh gach suirbhé.

**Rang a Trí (9 mbliana d'aois):**
**Cleachtadh 1.3.1:** *Bulaíocht a Aithint – Bileog Oibre.*
**Cleachtadh 1.3.2:** “**Strength in Numbers**” – *Físeán YouTube agus Bileog Oibre.*
**Cleachtadh 1.3.3:** “**It’s up to You**” – *Físeán YouTube agus Bileog Oibre.*
**Cleachtadh 1.3.4:** “*Rudolf an Fia Rua*” – *Bileog Oibre.*
**Cleachtadh 1.3.5:** “**Words Hurt – Don’t be a part of it**” – *Físeán YouTube agus dhá Bhileog Oibre.*
**Cleachtadh 1.3.6:** “**Emma's Story – Cyberbullied by a Best Friend**” – *Físeán YouTube agus Bileog Oibre.*
**Cleachtadh 1.3.7:** *Comórtas Bliantúil Líníochta Frithbhulaíochta (2 sheachtain).*
**Cleachtadh 1.3.8:** *Comórtas Bliantúil Manaí Frithbhulaíochta (2 sheachtain).*
**Cleachtadh 1.3.9:** **“Inspirational Video – Pay it Forward”** – *Físeán YouTube agus Bileog Oibre.*
**+ Suirbhéanna:** Ón mír Bunscoil/Eachtraí (ceann amháin ar a laghad gach

leath-théarma). Tá an cur chuige 'Athrú seachas Milleán' le míniú roimh gach suirbhé.

**Rang a Ceathair (10 mbliana d'aois):**

**Cleachtadh 1.4.1:** **12 "Ghréasasód" ghearra bheoite** *(e.g. 2 sheisiún de 6 cinn) agus Bileog Oibre.*

**Cleachtadh 1.4.2:** **"When the Going Gets Scruff" -** Físeán Youtube & Bileog Oibre Leis

**Cleachtadh 1.4.3:** *An Chibearbhulaíocht ar an bhFón – Cur i Láthair PowerPoint.*

**Cleachtadh 1.4.4:** "**The Power of One** – **School Video Sample**" *– Físeán YouTube. Suirbhé le déanamh ina dhiaidh.*

**Cleachtadh 1.4.5:** "**Bully**" **(gearrscannán beochana iontach)** *– Físeán YouTube agus Bileog Oibre.*

**Cleachtadh 1.4.6:** "**Supporting Difference**" *– Físeán YouTube agus Bileog Oibre.*

**Cleachtadh 1.4.7:** *Comórtas Bliantúil Líníochta Frithbhulaíochta (2 sheachtain).*

**Cleachtadh 1.4.8:** *Comórtas Bliantúil Manaí Frithbhulaíochta (2 sheachtain).*

**Cleachtadh 1.4.9:** *Cleachtadh* **"Nathracha is Dréimirí"** *le teachtaireachtaí frithbhulaíochta.*

**+ Suirbhéanna:** Ón mír Bunscoil/Eachtraí (ceann amháin ar a laghad gach leath-théarma). Tá an cur chuige 'Athrú seachas Milleán' le míniú roimh gach suirbhé.

**Rang a Cúig (11 bhliain d'aois):**

**Cleachtadh 1.5.1:** "*Cleachtadh "Deir Síomón", ag díriú ar an difríocht ar bhealach dearfach. Le treorú ag an múinteoir.*

**Cleachtadh 1.5.2:** "**Anti-Cyberbullying (FCF Youth Version)"** *– Físeán YouTube agus Bileog Oibre.*

**Cleachtadh 1.5.3:** "**Antibullying PSA: The Price of Silence**" *– Físeán YouTube agus Bileog Oibre.*

**Cleachtadh 1.5.4:** **"BackMeUp** – **Anti-cyberbullying"** *– Físeán YouTube agus Bileog Oibre.*

**Cleachtadh 1.5.5:** *An Chibearbhulaíocht ar Líne – Cur i Láthair PowerPoint.*

**Cleachtadh 1.5.6:** **"Talent Show** – **Cyberbullying Prevention Commercial"** *– Físeán YouTube agus Bileog Oibre.*

**Cleachtadh 1.5.7:** *Comórtas Bliantúil Líníochta Frithbhulaíochta (2 sheachtain).*

**Cleachtadh 1.5.8:** *Comórtas Bliantúil Manaí Frithbhulaíochta (2 sheachtain).*

**Cleachtadh 1.5.9:** **"Rang 5 & 6 Nathracha agus Dreimirí"** *Cluiche a bhfuil teachtaireachtaí aige in aghaidh cibearbhulaíochta, ciníochais agus bulaíocht homafóbach*

**+ Suirbhéanna:** Ón mír Bunscoil/Eachtraí (ceann amháin ar a laghad gach leath-théarma). Tá an cur chuige 'Athrú seachas Milleán' le míniú roimh gach suirbhé.

**Rang a Sé (12 bhliain d'aois):**

**Cleachtadh 1.6.1:** "Mean Girls" *– Físeán YouTube agus Bileog Oibre.*

**Cleachtadh 1.6.2:** "**Bystanders – How to UnMake a Bully" (Cuid 2)** *– Físeán YouTube. Plé ina dhiaidh sin.*

**Cleachtadh 1.6.3:** **"Cyber-Bullying"** *– Físeán YouTube agus Bileog Oibre.*

**Cleachtadh 1.6.4:** **"Childnet International – Cyberbullying"** *– Físeán YouTube agus Bileog Oibre.*

**Cleachtadh 1.6.5:** *Bileog oibre ghearr a chabhróidh le daltaí an chibearbhulaíocht a sheachaint, agus bileog eolais ina bhfuil leideanna maidir le bulaíocht ar an bhfón agus ar líne.*

**Cleachtadh 1.6.6:** "**Tolerance PSA** – **Dear Parents**" *– Físeán YouTube. É le plé ar scoil agus sa bhaile ina dhiaidh sin.*

**Cleachtadh 1.6.7:** *Comórtas Bliantúil Líníochta Frithbhulaíochta.*

**Cleachtadh 1.6.8:** *Comórtas Póstaer ar Ríomhaire.*

**Cleachtadh 1.6.9:** **"Rang 5 & 6 Nathracha agus Dreimirí"** *Cluiche a bhfuil teachtaireachtaí aige in aghaidh cibearbhulaíochta, ciníochais agus bulaíocht homafóbach*

**+ Suirbhéanna:** Ón mír Bunscoil/Eachtraí (ceann amháin ar a laghad gach leath-théarma). Tá an cur chuige 'Athrú seachas Milleán' le míniú roimh gach suirbhé.

**Gach Rang (8 -12 bhliain d'aois)**

**Acmhainní Frithbhulaíochta Curaclaim:** ***Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte, Oideachas Reiligiúnach,*** *agus/nó ábhair eile a thacaíonn leis an obair frithbhulaíochta.*

**Cuairteanna Scoile:** *Dráma/Cainteoir Frithbhulaíochta ar Cuairt má bhíonn a leithéid ar fáil.*

**Feasacht Foirne:**

**Rannóg Múinteoirí: Cleachtadh 01 & 02 –** *Léiriú powerpoint agus físeáin ar an mbulaíocht agus ar conas a oibríonn Feachtas Frithbhulaíochta i mBunscoileanna*

**Cleachtadh 05 & 06 –** *Léiriú powerpoint agus físeáin ar an mbulaíocht agus ar an gcibearbhulaíocht le haghaidh Múinteoirí agus Tuismitheoirí*

**2ú Leibhéal, an 1ú Bliain, Cleachtadh 2.1.5: "Too Scared for School"** *scannán faisnéise (4 Chás-Staidéar).*

**2ú Leibhéal, an 5ú Bliain,** **Cleachtadh 2.5.4: "To this Day Project – Shane Koyczan"** – *Físeán YouTube.*

**2ú Leibhéal, an 5ú Bliain,** **Cleachtadh 2.5.5: "Not in the Break Room, Not on the Playground"** – *Físeán YouTube*

**Dráma ar Cuairt:** *Déan freastal ar Dhráma nó ar Chainteoir Frithbhulaíochta ar Cuairt.*

**Tuairiscí agus Buíochas Rialta:** *Curtha i láthair ag cruinnithe foirne, laethanta foirne, inseirbhís etc.*

**Feasacht i measc na dTuismitheoirí:**

**Rannóg Múinteoirí: Cleachtadh 05 & 06 -** *Léiriú powerpoint agus físeáin ar an mbulaíocht agus ar an gcibearbhulaíocht le haghaidh Múinteoirí agus Tuismitheoirí*

**Beartas:** *Foilsiú an Bheartais Frithbhulaíochta i Réamheolaire na Scoile / ar Shuíomh Gréasáin na Scoile / i nDialanna na nDaltaí.*

**Nuachtlitreacha:** *Míreanna rialta do thuismitheoirí sa nuachtlitir maidir le gníomhaíochtaí.*

**Feasacht sa Scoil Uile:**

**Taispeáin in áiteanna lárnacha/poiblí sa scoil:**

(a) *Eolas maidir le gníomhaíochtaí frithbhulaíochta.*

(b) *Fógra faoi imeachtaí frithbhulaíochta a bheidh ar siúl.*

(c) *Ainmneacha na ndaoine a bhuaigh comórtas frithbhulaíochta.*

(d) *Na hiarrachtaí a bhuaigh comórtas frithbhulaíochta.*

***Aguisín 3 – Cásanna Féideartha Bulaíocht a Réiteach*** - do Ranganna a Dó go Sé (Aois 7-12 bliana)
(Riachtanach faoi Nósanna Imeachta 5.2.2 (v)/(vi),5.3.1 (viii) & Aguisín 1.6)
Ó: Feachtas Frithbhulaíochta Snáithe 2 – Lámhleabhar Staideanna Bulaíocht a Réiteach

# Snáithe 2 – Déileáil le heachtraí/cásanna ina bhféadfadh bulaíocht bheith i gceist

## Uirlisí chun déileáil le cásanna ina bhféadfadh bulaíocht bheith i gceist

### Ní mór gach eachtra nó cúis amhrais a thuairiscítear a fhiosrú agus déileáil léi.

*Gheobhaidh tú thíos liosta iomlán d'uirlisí/leathanaigh do na céimeanna éagsúla a bhaineann le bulaíocht a fhiosrú. I bhformhór na gcásanna, áfach, ní theastaíonn ach iad seo:*

***CÉIM RIACHTANACH 1 (a) & (b)*** *(cúl le cúl): Chun taifead a dhéanamh ar thuairisc ar bith ar bhulaíocht mar aon leis an dul chun cinn ó thaobh déileáil léi.*

***CÉIM RIACHTANACH 2 (a) & (b)****: Eolas do dhaltaí roimh shuirbhé ranga agus ansin tógann ceachtar suirbhé thart ar 10 nóiméad. Má thugann sé dóthain eolais, is féidir leat leanúint ar aghaidh go dtí an t-agallamh.*

***CÉIM RIACHTANACH 3 (a) & (b)*** *(cúl le cúl): Le húsáid san agallamh leis an dalta a bhfuil bulaíocht curtha ina leith. Tógann sé thart ar 30 nóiméad.*

*Más gá tar éis sin, le húsáid* ***Céim 2 (c) – Gealltanas maidir le páirt a ghlacadh,*** *iarr ar an rang a líonadh isteach agus a shíniú, á admháil má ghlac siad páirt agus ag tabhairt gealltanais nach nglacfaidh siad páirt feasta.*

Más gá, cuir ar gach finné atá sainaitheanta **Céim 2 (d) – Tuairisc ó Dhuine a Chonaic Eachtra** a líonadh isteach.

Más gá, Iarr ar an bhfoireann aiseolas a thabhairt. Bain úsáid as **Céim 2 (f) – Foláireamh maidir le daltaí i mbaol**, **Céim 2 (g) – Foláireamh maidir le teannas idir daltaí** nó **Céim 2 (h) – Foláireamh maidir le dalta a bhfuil bulaíocht á déanamh air**.

Más gá, sa chás (an-neamhghnách) nach dtugtar dóthain eolais, bain úsáid as **Céim 2 (e) – Agallaimh Aonair Lán-ranga** (le cabhair ó mhúinteoirí a bhfuil taithí acu). Cuir an fhoirm in oiriúint do na líomhaintí atá i gceist.

Tá gach leathanach a úsáidtear faoi rún ach amháin má dheachtaíonn ordú dlí a mhalairt. Má chomhlíonann dalta a c(h)éad ghealltanas frithbhulaíochta, ba chóir na leathanaigh a chomhdú agus gan iad a thaispeáint d'aon duine e.g. tuismitheoirí, an Príomhoide. Má bhriseann dalta an gealltanas sin, áfach, is féidir eolas a nochtadh agus síníonn tuismitheoir nó caomhnóir an chéad ghealltanas eile chomh maith leis an dalta féin.

Aguisín 2 Clár an  Chineáltais - Tionól le Príomhoide Niamh

Module One : Caring -Mí Mheán Fómhair

Module Two : Kindness -Mí Dheireadh Fómhair

Module Three: Empathy -Mí na Samhna

Module Four: Belonging -Mí na Nollag

Module Five: Friendship- Mí Eanáir

Module Six: Happiness - Mí Feabhra

Module Seven: My Wellbeing - Mí an Mhárta

Module Eight: My Health - Mí Aibreáin

Module Nine – My Decisions -Mí Bhealtaine

Module Ten – What have I learned? - Mí an Mheithimh

**An 'Múinteoir(í) Ábhartha' chun cásanna bulaíochta féideartha sa scoil seo a fhiosrú agus chun déileáil leo (mar a éilítear sna Nósanna Imeachta Frithbhulaíochta do Bhunscoileanna agus d'Iarbhunscoileanna, 2013, Aguisín 1 – Teimpléad Beartas Frithbhulaíochta, alt 4)**

('Ag leibhéal na bunscoile, is é an múinteoir ranga an múinteoir ábhartha de ghnáth.' Nósanna Imeachta 6.8.3)

Múinteoir: ________________________________ do rang ______________________________________

Múinteoir: ________________________________ do rang ______________________________________

Múinteoir: ________________________________ do rang ______________________________________

Múinteoir: ________________________________ do rang ______________________________________

Múinteoir: ________________________________ do rang ______________________________________

Múinteoir: ________________________________ do rang ______________________________________

Múinteoir: ________________________________ do rang ______________________________________

Múinteoir: ________________________________ do rang ______________________________________

Múinteoir: ________________________________ do rang ______________________________________

Múinteoir: ________________________________ do rang ______________________________________

Múinteoir: ________________________________ do rang ______________________________________

Múinteoir: ________________________________ do rang ______________________________________

Múinteoir: ________________________________ do rang ______________________________________

Múinteoir: ________________________________ do rang ______________________________________

Múinteoir: ________________________________ do rang ______________________________________

Múinteoir: ________________________________ do rang ______________________________________

## Cleachtas Aisiríoch
## Caidrimh a fheabhsú idir daoine agus pobail

Tá Cleachtais Aisiríocha bunaithe ar an bhfealsúnach agus ar na prionsabaile a bhaineann le ceartas aisiríoch agus cuireann siad éiteas agus falsúnacht ar fail atá mar bhonn agus mar thacale caidrimh a dhéanamh, a choinneáil agus a dheisiú agus le meon freagrachta sóisialta agus cuntasacht chomhroinnte a éascú.

Cuimsíonn Cleachtas Aisiríoch (CA) sraith prionsabal a chuidíonn linn **caidrimh dhearfacha a chothú**, agus **coimhlint a bhainistiú** nuair a thagann sí chun cinn, ar bhealach sláintiúil cuiditheach. Spreagann sé daoine chun úinéireacht a ghlacadh ar a ngníomhartha agus tugann sé daoine eile chun cuntais as a ngníomhartha-sean. Is é **meas** an ní is tábhachtaí sa chleachtas aisiríoch: meas a bheith agat ar gach duine, go háirithe orthu siúd nach bhfuil tú mór leo. Mar thoradh air sin, beidh **cothroime agus oscailteacht le sonrú** i gcaidrimh.

Is iad na sé phrionsabal a bhaineann le cleachtas aisiríoch:

- Meas
- Ionbhá
- Sábháilte
- Cuntasacht Phearsanta
- Comhionannas
- Pobal
- Muinín

__Ceisteanna Aisiríocha a úsáid le freagairt d'iompar dúshlánach__

1. ***"Cad a tharla?"*** Is deis é seo chun ionbhá agus meas a léiriú. Sa chéim seo mothaíonn an leanbh go dtuigtear é/í agus go bhfuiltear ag éisteacht leis/léi.
2. ***"Cad faoi a raibh tú ag smaoineamh ag an am?"conas a mhothaogh tú ag an am?*** Más féidir na mothúcháin agus na riachtanais is cúis le hiompraíocht a aithint agus a thuiscint, is mór an cuidiú é chun an iompraíocht a réiteach.
3. ***"Cad iad na smaointe a bhí agat ó shin?"*** Cuidíonn an chéim seo leis an leanbh foghlaim faoin iompraíocht chuí — cad atá inghlactha agus cad nach bhfuil inghlactha ó thaobh na hiompraíochta de.
4. ***"Cé atá thíos leis an méid a rinne tú agus cén chaoi a bhfuil sé/sí/siad thíos leis? Cén dóigh a ndeachaigh an eachtra seo i bhfeidhm ort? Ar dhaoine eile? Ar chuir tú isteach ar dhuine ar bith eile? Conas a chuaigh seo i bhfoedh ort/orthu?*** Is é cuspóir na céime seo cabhrú leis an leanbh ionbhá a chothú le daoine eile.
5. *"**Conas a d'fhéadfá rudaí a dhéanamh ar bhealach éagsúil?**" an bhféadfá rud ar bith a dhéanamh ar bhealach eile an chéad uair eile?* Ligeann sé seo don leanbh straitéisí a fhorbairt a fhreastalóidh ar a riachtanais, ar bhealach a léiríonn meas ar riachtanais daoine eile.

6. ***"Cad a cheapann tú ba cheart tarlú ina dhiaidh seo?" Cad is gá tarlú anois le rudaí a chur ina gceart? Cad a chaifidh tú a dhéanamh anois?*** Foghlaimíonn an leanbh faoin gcaoi le dochar a réiteach agus caidrimh a athbhunú, ar caidrimh iad a d'fhéadfadh a bheith briste tráth coimhlintí.

Conas a mhothaíónn tú anois?

https://www.connectrp.ie/about
https://www.pdst.ie/post-primary/health-wellbeing/restorative-practice
https://www.youtube.com/watch?v=2UvDMQyBVLs
https://www.connectrp.ie/workshops

https://www.education.ie/en/Press-Events/Press-Releases/2019-press-releases/PR19-04-02a.html
https://www.thejournal.ie/readme/opinion-we-have-an-unacceptable-high-level-of-school-suspensions-and-expulsions-3714434-Nov2017/?utm_source=shortlink
https://youtu.be/9Qe5_1WayiI School to Prison pipeline
https://youtu.be/AZ-pU7ozt3g Under the surface

- Restorative Practices Ireland www.restorativepracticesireland.ie
- http://www.restorativepracticesireland.ie/conference-calls-restorative-practices-used-schools/)
- https://www.pdst.ie/primary/healthwellbeing/restorativepractice

https://youtu.be/evq-zW6DQ9s Traditional versus RP

Flúirse - Cúrsa Samhraidh don fhoireann ar fad 2021 Cleachtas Aisiríoch

Cleachtas Aisiríoch
Cleachtais Aisiríocha
Ceisteanna Cleachtais Aisiríoch

**Cad atá i gceist leis:**

- Ag amharc ar olc trí lionsa 'caidreamhach' – ag tuiscint go ndearnadh dochar do dhaoine agus do chaidrimh;
- Ag tuiscint nuair a dhéantar dochar mar sin, go gcruthaíonn sé oibleagaidí agus dliteanais;
- Ag díriú ar an dochar a dheisiú agus rudaí a chur ina gceart;

**Nuair a rinneadh dochar mar gheall ar iompar iomchuí, in amanna gan smaoineamh, diúltach ní mór do gach taobh:**

- seans a bheith acu lena dtaobh den scéal a insint agus mothú gur tugadh cluas éisteachta dóibh;
- tuisicint níos fearr cén dóigh ar tharla an eachtra;
- tuiscint cén dóigh ar féidir a leithéid a sheachaint arís;
- mothú gur thuig na daoine eile a bhí páirteach sa scéal iad;
- bealach a aimsiú le bogadh ar aghaidh agus mothú níos fearr fúthu féin.

Tá réimse cineálacha Cleachtas Aisiríoch ann lena n-áirítear teanga aisiríoch a úsáid, comhráití aisiríocha a dhéanamh, am ciorcail a reáchtáil, comhdhálú aisiríoch srl. Nuair a théann rudaí mícheart:

- Cuireann tú na daoine a bhí freagrach as an eachtra agus iad siúd a ndeachaigh sí i bhfeidhm orthu san áireamh leis an fhadhb a réiteach
- Ardleibhéil tacaíochta a chur ar fáil do gach páirtí, cé acu déantóirí na coire nó iad siúd a ndeachaigh sí i bhfeidhm orthu;
- Aghaidh a thabhairt ar riachtanais na ndaoine uilig a bhí páirteach in eachtraí dochracha;
- Teachtaireachtaí láidre agus meabhrúcháin a chur ar fáil maidir le cad iad na saghsanna iompair atá inghlactha agus neamh-inghlactha;

**I measc na gceisteanna aisiríocha a bhfuil sé mar aidhm acu cuidiú leo siúd a ndearnadh gíomhaíochtaí daoine eile dochar dóibh tá:**

- Cad a tharla?
- Conas a mhothaigh tú ag an am?
- Ar chuir tú isteach ar dhuine ar bith? Conas a chuaigh sé i bhfeidhm orthu?
- ANn bhféadfá rud ar bith a dhéanamh ar bhealach difriúil an chéad uair eile?
- Cad a chaithfidh tú a dhéanamh anois?
- Conas a mhothaíonn tú anois?

Is iomaí dúshlán a bhaineann le cur chuige bunaithe ar an eagraíocht nó institiúid uilig a chur i bhfeidhm ós rud é go gceistíonn an bealach aisiríoch tuairimí láidre faoi chumhacht agus smacht agus an fonn le rudaí a dhéanamh gránna do dhuine éigin nuair a dhéanann sé/sí rud éigin mícheart nó nuair a bhíonn sé/sí freagrach as ‘mí-iompar’.